Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Iúil 2018**
**(OR. en)**

**11228/18**

**DAPIX 239**
**CRIMORG 104**
**ENFOPOL 389**
**ENFOCUSTOM 161**
**JAI 783**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 16 Iúil 2018 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10549/18 + COR 1 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chun feidhme na bhforálacha ginearálta i ndáil le cosaint sonraí i gCaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle<br>- Meastóireacht a dhéanamh ar Éirinn maidir le sonraí DNA a mhalartú go huathoibríoch |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn, na Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chun feidhme na bhforálacha ginearálta i ndáil le cosaint sonraí, atá i gCaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle, a ghlac an Chomhairle ag an 3632ú cruinniú dá cuid ar an 16 Iúil 2018.

**IARSCRÍBHINN**

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**
**maidir le cur chun feidhme na bhforálacha ginearálta i ndáil le cosaint sonraí**
**i gCaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle**

**Meastóireacht a dhéanamh arÉirinn maidir le sonraí DNA a mhalartú go huathoibríoch**

1. De réir Airteagal 25(2) de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle, ní sholáthrófar na sonraí pearsanta dá bhforáiltear faoin gCinneadh go dtí go mbeidh na forálacha maidir le cosaint sonraí atá leagtha amach i gCaibidil 6 den Chinneadh curtha chun feidhme i ndlí náisiúnta chríocha na mBallstát a bhfuil baint acu leis an soláthar sin. Ní mór don Chomhairle cinneadh d'aon toil cé acu a comhlíonadh an coinníoll sin nó nár comhlíonadh. Níl feidhm ag an bhforáil sin i dtaca leis na Ballstáit sin ina bhfuil tús curtha cheana le soláthar sonraí pearsanta dá bhforáiltear de bhun "Conradh Prüm" (2005).

2. De réir Airteagal 20 de Chinneadh 2008/616/CGB, is ar bhonn tuarascáil mheastóireachta arna bunú ar cheistneoir is ceart comhlíontacht an choinníll thuasluaite a fhíorú. Maidir le sonraí a mhalartú go huathoibríoch i gcomhréir le Caibidil 2 de Chinneadh 2008/615/CGB, is ceart an tuarascáil mheastóireachta a bhunú, ina theannta sin, ar chuairt mheastóireachta agus treoirthionscadal.

3. De réir phointe 1.1 de Chaibidil 4 den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2008/616/CGB, baineann an ceistneoir a dhréachtaigh meitheal ábhartha na Comhairle le gach ceann de na malartuithe uathoibríocha sonraí agus ní mór do Bhallstát é a fhreagairt a luaithe agus a chreideann sé go gcomhlíonann sé na réamhriachtanais le haghaidh sonraí a chomhroinnt sa chatagóir sonraí ábhartha.

4. Tá an ceistneoir maidir le cosaint sonraí agus an ceistneoir maidir le malartú sonraí DNA comhlánaithe ag Éirinn. Chuir Éire agus an Ostair treoirthionscadal rathúil i gcrích in éineacht le chéile. Tugadh cuairt mheastóireachta ar Éirinn agus rinne foireann meastóireachta na hOstaire tuarascáil ar an gcuairt mheastóireachta, tuarascáil a cuireadh ar aghaidh chuig an meitheal ábhartha de chuid na Comhairle (9097/18 DAPIX 146 CRIMORG 73 ENFOPOL 252 ENFOCUSTOM 110 JAI 499).

5. Tíolacadh chuig an gComhairle tuarascáil fhoriomlán mheastóireachta ina dtugtar achoimre ar thorthaí an cheistneora, ar thorthaí na cuairte meastóireachta, agus ar thorthaí an treoirthionscadail maidir le sonraí DNA a mhalartú (9098/18 DAPIX 147 CRIMORG 74 ENFOPOL 253 ENFOCUSTOM 109 JAI 498).

6. Ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Malartú Faisnéise agus um Chosaint Sonraí (DAPIX) ar an 25 Meitheamh 2018, tugadh d'aire go gcomhaontaíonn gach Ballstát atá faoi cheangal ag 2008/615/CGB go bhfuil na coinníollacha comhlíonta chun go measfaidh an Chomhairle gurb amhlaidh, chun críocha malartaithe uathoibríoch sonraí i ndáil le sonraí DNA, go bhfuil na forálacha ginearálta maidir le cosaint sonraí i gCaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB curtha chun feidhme ina n-iomláine ag Éirinn.

7. Ar an mbonn sin, measann an Chomhairle gurb amhlaidh, chun críocha malartaithe uathoibríoch sonraí i ndáil le sonraí DNA, go bhfuil na forálacha ginearálta maidir le cosaint sonraí i gCaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB curtha chun feidhme ina n-iomláine ag Éirinn.